C/2025/5005

11.9.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/5005)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Caballa de Andalucía'

Uimhir thagartha an Aontais: PGI-ES-0281-AM01 — 12.6.2025

1. **Ainm an táirge**

Caballa de Andalucía

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ TGFC

☐ ATFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

Dirección General de Industrias, Innovación y Cadena Agroalimentaria de la Consejería de Agricultura, Pesca, Agua y Desarrollo Rural de la Junta de Andalucía [Ard-Stiúrthóireacht an Tionscail Agraibhia, na Nuálaíochta agus Shlabhra an tSoláthair Bia in Aireacht Réigiúnach Talmhaíochta, Iascaigh, Uisce agus Forbartha Tuaithe Rialtas Phobal Féinrialaitheach na hAndalúise]

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Tagann an leasú formheasta faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143, ós rud é nach n-áirítear leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, nach bhfuil riosca ann go gcuirfí an nasc bunaithe leis an limistéar geografach ar neamhní leis agus nach bhfuil tuilleadh srianta ar mhargú an táirge i gceist leis.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Feabhas ar fhoclaíocht na tuairisce ar an modh táirgthe

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

Leasú ar Roinn E, 'TUAIRISC AR AN MODH TÁIRGTHE', den tsonraíocht táirge. Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

(a) Cuireadh feabhas ar fhoclaíocht phointe (c), 'Cócaireacht', trína shonrú nach mór seiceálacha uisce a dhéanamh i dtús an lae agus ar an uisce cócaireachta, agus léitear anois mar a leanas í:

'Ní mór salann a thuaslagadh i bhfionnuisce fiuchaidh, agus bíonn éagsúlacht ann ag brath ar mhéid agus ar shaintréithe an éisc. Ní mór luachanna pH agus Cl an uisce cócaireachta a úsáidtear a sheiceáil i dtús an lae a chócaráiltear an t-iasc, ionas nach sárófar na huasluachanna údaraithe (pH < 9,5 agus Cl < 0,8 mg/l).'

(b) Cuireadh feabhas ar fhoclaíocht phointe (g), 'Steiriliú', chun a shoiléiriú nach mór na hanailísí a dhéanamh trí shampláil, gan an mhinicíocht a fhágáil faoi léirmhíniú, agus anois léitear mar a leanas í:

'Ní mór tástálacha goir agus anailíseacha a dhéanamh trí shampláil chun éifeachtacht an phróisis a fhíorú.'

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

An reachtaíocht ábhartha agus an t-údarás inniúil a thabhairt cothrom le dáta

Tuairisc

Rinneadh an fhaisnéis i Roinn G, 'FÍORÚ AR CHOMHLÍONADH NA SONRAÍOCHTA TÁIRGE', den tsonraíocht a thabhairt cothrom le dáta. Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Téacs leasaithe:

'Déantar comhlíonadh na sonraíochta táirge a fhíorú sula gcuirtear an táirge ar an margadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta.

Is í Ard-Stiúrthóireacht an Tionscail Agraibhia, na Nuálaíochta agus Shlabhra an tSoláthair Bia in Aireacht Réigiúnach Talmhaíochta, Iascaigh, Uisce agus Forbartha Tuaithe Rialtas Phobal Féinrialaitheach na hAndalúise, C/ Tabladilla, s/n, 41071 Seville an t-údarás inniúil ainmnithe atá freagrach as seiceálacha; teil. + 34 955032278; facs + 34 955032112;

R-phost: dgiica.capadr@juntadeandalucia.es

Is féidir teacht ar fhaisnéis faoi na comhlachtaí atá freagrach as comhlíonadh cheanglais na sonraíochta táirge a fhíorú ag an seoladh seo a leanas: https://lajunta.es/5fq00 nó trí leathanach baile na hAireachta Réigiúnaí Talmhaíochta, Iascaigh, Uisce agus Forbartha Tuaithe (https://juntadeandalucia.es/organismos/agriculturapescaaguaydesarrollorural.html), tríd an gconair loingseoireachta a leanúint: "Temas"/"Industrias, Innovación y Cadena Agroalimentaria"/"Calidad Agroalimentaria"/"Denominaciones de calidad"/"Productos derivados de la pesca" ["Topaicí"/"Tionscal agraibhia, nuálaíocht agus slabhra an tsoláthair bia"/"Cáilíocht agraibhia"/"Ainmniúcháin cháilíochta"/"Táirgí díorthaithe ó iasc"].

Cuirtear de chúram orthu go sonrach comhlíonadh na sonraíochta táirge a fhíorú sula gcuirtear an táirge ar an margadh.'

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Feabhas ar fhoclaíocht na tuairisce ar an lipéadú.

Tuairisc

Leasaíodh Roinn H, 'LIPÉADÚ', den tsonraíocht táirge agus pointe 3.6, 'Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe', den doiciméad aonair.

Scriosadh an ceanglas na focail 'Indicación Geográfica Protegida' ['tásc geografach faoi chosaint'] a áireamh agus áiríodh lógó an bhoird rialála.

An téacs roimhe seo:

'Ní mór na focail "Indicación Geográfica Protegida" (Tásc Geografach faoi Chosaint), an t-ainm "Caballa de Andalucía" agus lógó an Aontais Eorpaigh a bheith go feiceálach ar lipéad aonair gach táirgeora a mhargaíonn an táirge a chumhdaítear leis an Tásc Geografach faoi Chosaint "Caballa de Andalucía". Ina theannta sin, ní mór an lógó TGFC seo a leanas a bheith ar phacáistíocht "Caballa de Andalucía" leasaithe uile a chumhdaítear leis an Tásc Geografach faoi Chosaint.'

Téacs leasaithe:

'Ní mór an t-ainm "Caballa de Andalucía" agus siombail an Aontais Eorpaigh a bheith ar lipéad aonair gach táirgeora a mhargaíonn an táirge a chumhdaítear leis an tásc geografach faoi chosaint "Caballa de Andalucía". Ina theannta sin, ní mór lógó an bhoird rialála a thaispeántar thíos a bheith ar phacáistíocht "Caballa de Andalucía" leasaithe uile a chumhdaítear leis an tásc geografach faoi chosaint.'

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceanglais reachtacha a scriosadh

Tuairisc

Scriosadh Roinn I, 'CEANGLAIS REACHTACHA', ón tsonraíocht táirge. Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Caballa de Andalucía'

Uimhir thagartha an Aontais: PGI-ES-0281-AM01 — 12.6.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Caballa de Andalucía

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Spáinn

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

16 — ULLMHÓIDÍ Ó FHEOIL, Ó ÉISC, Ó CHRÚSTAIGH, Ó MHOILISC NÓ Ó INVEIRTEABRAIGH UISCE EILE, NÓ Ó FHEITHIDÍ

03 —ÉISC AGUS CRUSTAIGH, MOILISC AGUS INVEIRTEABRAIGH UISCEACHA EILE

1604 20 90 — Ó éisc eile

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Filléid ronnach leasaithe, nádúrtha agus in ola olóige, a tháirgtear trí mhodhanna neamhthionsclaíocha a úsáid.

Is táirge ardcháilíochta iad na filléid a bhfuil dath scothliath bán orthu, bíonn uigeacht dhlúth, mhín agus shúmhar acu, agus bíonn boladh taitneamhach chomh maith le blas an-saintréithíuil úscéisc orthu.

Déantar trí chineál de na filléid ronnach leasaithe a mhargú, atá éagsúil i dtaobh an mheáin leachtaigh a úsáidtear: ola olóige, ola lus na gréine nó uisce cócaireachta. Déantar iad a phacáil i stáin chruinne nó dhronuilleogacha nó i bprócaí gloine.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

Is é an t-amhábhar a úsáidtear iasc den speiceas *Scomber japonicus* agus *Scomber colias*, ag a bhfuil corp ar chruth fearsaide agus fadaithe, soc biorach agus sealgóg tanaí. Tá dhá eite an droma orthu scartha go soiléir agus tá a gceann agus a gcorp clúdaithe le gainní beaga. Tá dath scothghlas-ghorm orthu, le línte dubha corracha agus spotaí, agus tá dath buí ar dhath an airgid ar a mbolg agus ar a gcliatháin le spotaí scothghorma. Bíonn siad idir 20 cm agus 30 cm de ghnáth.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Úsáidtear modhanna táirgthe neamhthionsclaíocha atá in úsáid go traidisiúnta san Andalúis ó na cianaoiseanna. Déantar an ronnach a scamhadh de láimh gan ceimiceáin a úsáid, rud a áirithíonn táirge ardcháilíochta a bhfuil dath scothliath-bhán air a chaomhnaíonn a shaintréithe uile.

Cuirtear na héisc go heisiach in uisce saillte (le níos lú ná aon faoin gcéad de shalann) nó in ola olóige nó in ola lus na gréine.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an t-ainm ‘Caballa de Andalucía’ agus siombail an Aontais Eorpaigh a bheith ar lipéad aonair gach táirgeora a mhargaíonn an táirge a chumhdaítear leis an tásc geografach faoi chosaint ‘Caballa de Andalucía. Ina theannta sin, ní mór lógó an bhoird rialála a thaispeántar thíos a bheith ar phacáistíocht ‘Caballa de Andalucía’ leasaithe uile a chumhdaítear leis an tásc geografach faoi chosaint.



Ní mór lipéad uimhrithe a bheith ar an bpacáistíocht uile ina gcuirtear an ronnach cosanta ar an margadh, lipéad arb é an bord rialála a eisíonn é agus a ghreamaítear ag céim an phacáistithe ar bhealach nach féidir í a athúsáid.

4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

Bíonn táirgeadh ar bun i mbardais Almería, Adra, Carboneras, Garrucha agus Roquetas de Mar i gcúige Almería; Algeciras, Barbate, Cádiz, Chiclana de la Frontera, Chipiona, Conil, La Línea, Puerto de Santa María, Rota, Sanlúcar de Barrameda agus Tarifa i gcúige Cádiz; Almuñécar agus Motril i gcúige Granada; Ayamonte, Cartaya, Huelva, Isla Cristina, Lepe, Palos de la Frontera agus Punta Umbría i gcúige Huelva; agus Estepona, Fuengirola, Málaga, Marbella agus Vélez-Málaga i gcúige Málaga.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar an méid seo a leanas:

☑ Clú

☑ Cáilíocht áirithe

☐ Saintréithe eile.

Achoimre ar an nasc

5.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

Táirgtear na leasuithe ronnach i ngléasraí leasaithe atá suite laistigh den limistéar táirgeachta geografach i gcomhréir le ceanglais na sonraíochta táirge, go háirithe a mhéid a bhaineann le próiseáil neamhthionsclaíoch lena mbaineann modhanna agus nósanna imeachta a úsáidtear ó na cianaoiseanna lenar féidir saintréithe nádúrtha an éisc a choinneáil ar bun.

Is céim thar a bheith tábhachtach sa phróiseas táirgthe é na héisc a scamhadh de láimh agus is oibrithe oilte a oiltear san oibríocht sin, oibríocht atá curtha ar aghaidh go traidisiúnta ó ghlúin go glúin, a dhéanann é.

5.2. *Sainiúlacht an táirge*

Leis na modhanna neamhthionsclaíocha a úsáidtear chun 'Caballa de Andalucía' a tháirgeadh, caomhnaítear saintréithe nádúrtha uile an táirge, a léirítear le huigeacht dhlúth, mhín agus shúmhar, boladh taitneamhach agus blas an-saintréithiúil úscéisc.

Is iondúil gur feadh chósta an limistéir gheografaigh shonraithe a fhaightear na speicis ronnach dá dtagraítear thuas a sholáthraíonn an t-amhábhar don táirge, cé gur speicis imirceacha iad.

5.3. *Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (i gcás an ATFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an cháil atá air nó saintréith eile atá ann (i gcás an TGFC)*

Tá iascaireacht á déanamh ar speicis imirceacha i nDeisceart na Spáinne le 3 000 bliain, ó thosaigh na Féinícigh agus na Tairtéisigh ag gabháil tuinníní, tuinníní frigéid agus ronnach ag baint úsáid as líonta beaga, peas-saighní buntúsacha agus an duán agus dorú coitianta.

Chomh maith leis an iascaireacht, ba cheart tagairt a dhéanamh freisin don tábhacht a bhaineann leis an tionscal próiseála do na speicis imirceacha sin, a dtéann a mbunús siar go dtí an chéad chéad AD. Próiseáladh gach cineál tuinnín agus ronnach i monarchana feadh chósta na hAndalúise. Níl i bhfothracha cáiliúla Baelo Claudia in Bolonia (Tarifa), áit a bhfuil umair fós le feiceáil sa lá atá inniu ann, ach sampla amháin.

Dá bhrí sin, is traidisiún seanbhunaithe san Andalúis é táirgí iascaigh ó speicis a ghabhtar sa limistéar a leasú a leanann ar aghaidh go dtí an lá atá inniu ann, agus modhanna neamhthionsclaíocha á n-úsáid chun táirge sainiúil ardcháilíochta a tháirgeadh. Is amhlaidh atá go díreach mar gheall ar an amhábhar agus ar an modh táirgthe neamhthionsclaíoch a úsáidtear, rud a thugann a airíonna orgánaileipteacha dó agus a fhágann gur táirge sábháilte ardcháilíochta é.

Tá ceannas ag gnóthais bheaga agus mheánmhéide teaghlaigh ar earnáil an leasaithe neamhthionsclaíoch, arna mbainistiú ag na bunaitheoirí nó ag a sliochtaigh, rud a d'fhág go rabhthas in ann modhanna táirgthe traidisiúnta a choinneáil ar bun. De bharr traidisiúin fhada an tionscail san Andalúis agus taithí an táirgthe neamhthionsclaíoch a tugadh ó ghlúin go glúin, ráthaítear lucht saothair oilte.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://lajunta.es/5jmhy